2024/2552

1.10.2024

AISTRIÚCHÁN

COMHAONTÚ IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS POBLACHT MHÓSAIMBÍC MAIDIR LE STÁDAS MHISEAN AN AONTAIS EORPAIGH LE HAGHAIDH OILIÚINT MHÍLEATA I MÓSAIMBÍC (EUTM Mozambique)

TÁ AN tAONTAS EORPACH, dá ngairtear 'an tAontas' anseo feasta,

de pháirt, agus

POBLACHT MHÓSAIMBÍC, dá ngairtear 'an Stát Óstach' anseo feasta,

den pháirt eile,

dá ngairtear 'na Páirtithe' go comhpháirteach anseo feasta,

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á CHUR SAN ÁIREAMH:

an litir ó Uachtarán Phoblacht Mhósaimbíc chuig Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 3 Meitheamh 2021 lena gcuirtear in iúl gur díol sásaimh dó misean neamhfheidhmiúcháin de chuid an Aontais Eorpaigh maidir leis an gComhbheartas Slándála agus Cosanta a imscaradh i Mósaimbíc,

an litir ó Uachtarán Phoblacht Mhósaimbíc chuig Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 27 Lúnasa 2021 lena ndeonaítear pribhléidí agus díolúintí do EUTM Mozambique agus dá fhoireann, go dtí go dtabharfar comhaontú i gcrích maidir le stádas an mhisin i Mósaimbíc,

Cinneadh (CBES) 2021/1143 ón gComhairle maidir le Misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc ([1]),

nach ndéanfaidh an Comhaontú seo difear do chearta ná d'oibleagáidí na bPáirtithe faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta agus faoi ionstraimí eile lena mbunaítear cúirteanna agus binsí idirnáisiúnta,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

AIRTEAGAL 1

Raon feidhme agus sainmhínithe

1. Beidh feidhm ag an gComhaontú seo maidir le Misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mozambique) agus maidir lena phearsanra.

2. Ní bheidh feidhm ag an gComhaontú seo ach amháin i gcríoch an Stáit Óstaigh.

3. Chun críoch an Chomhaontaithe seo, maidir leis an méid seo a leanas:

(a) ciallóidh 'EUTM Mozambique' ceanncheathrú mhíleata an Aontais agus meithleacha náisiúnta a rannchuidíonn leis an misean, lena dtrealamh agus lena modh iompair;

(b) ciallóidh 'misean' EUTM Mozambique a ullmhú, a bhunú, a fhorghníomhú agus tacaíocht a thabhairt dó;

(c) ciallóidh 'Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh' Ceannasaí EUTM Mozambique ar láthair an mhisin féin;

(d) ciallóidh 'ceanncheathrú mhíleata an Aontais' an cheanncheathrú mhíleata agus gnéithe di, is cuma cén áit a bhfuil siad, faoi údarás cheannasaithe míleata an Aontais a bhfuil ceannas míleata nó rialú míleata acu ar EUTM Mozambique;

(e) ciallóidh 'meithleacha náisiúnta' aonaid agus eilimintí ar le Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus Stáit eile atá rannpháirteach in EUTM Mozambique iad;

(f) ciallóidh 'pearsanra EUTM Mozambique' an pearsanra sibhialta agus míleata a shanntar do EUTM Mozambique chomh maith le pearsanra a imscartar chun an misean a ullmhú agus pearsanra atá ag taisteal do Stát Seoltach nó d'institiúid de chuid an Aontais faoi chuimsiú an mhisin, atá i láthair, mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, laistigh de chríoch an Stáit Óstaigh, cé is moite de phearsanra a fhostaítear go háitiúil agus pearsanra atá fostaithe ag conraitheoirí tráchtála idirnáisiúnta;

([1]) IO AE L 247, 13.7.2021, lch. 93.

(g) ciallóidh ‘pearsanra a fhostaítear go háitiúil’ pearsanra ar náisiúnaigh iad den Stát Óstach, nó a bhfuil buanchónaí orthu ann;

(h) ciallóidh ‘saoráidí EUTM Mozambique’ gach áitreabh, cóiríocht agus talamh is gá do EUTM Mozambique agus do phearsanra EUTM Mozambique;

(i) ciallóidh ‘Stát Seoltach’ Stát a chuireann meitheal náisiúnta ar fáil do EUTM Mozambique.

AIRTEAGAL 2

Forálacha ginearálta

1. Urramóidh EUTM Mozambique agus pearsanra EUTM Mozambique dlíthe agus rialacháin an Stáit Óstaigh agus staonfaidh siad ó aon ghníomhaíocht nach bhfuil ag luí le cuspóirí mhisean an Aontais.

2. Cuirfidh EUTM Mozambique an Stát Óstach ar an eolas go tráthrialta faoi líon pearsanra EUTM Mozambique atá lonnaithe laistigh de chríoch an Stáit Óstaigh.

AIRTEAGAL 3

Sainaithint

1. Beidh a gcártaí aitheantais faoi seach ina seilbh ag pearsanra EUTM Mozambique, agus iad ag gluaiseacht laistigh den Stát Óstach, ar nós pasanna nó doiciméid aitheantais eile arna soláthar ag an Stát Óstach, agus ní mór dóibh iad a thaispeáint do na húdaráis aon uair a iarrtar sin orthu.

2. Beidh marcálacha aitheantais agus/nó plátaí clárúcháin sainiúla EUTM Mozambique le feiceáil ar fheithiclí, aerárthaí, soithí agus modhanna iompair eile EUTM Mozambique agus tabharfar fógra d’údaráis ábhartha an Stáit Óstaigh ina leith sin.

3. Beidh sé de cheart ag EUTM Mozambique bratach an Aontais Eorpaigh agus marcálacha ar nós suaitheantais mhíleata, teidil agus siombailí oifigiúla a thaispeáint ar a shaoráidí, ar a fheithiclí agus ar mhodhanna eile iompair. Beidh feathal ar leith de chuid EUTM Mozambique le feiceáil ar éidí phearsanra EUTM Mozambique. Féadfar bratacha náisiúnta nó ionchomhartha na meithleacha náisiúnta a chomhdhéanann an mhisin a thaispeáint ar shaoráidí, ar fheithiclí agus ar aon mhodh iompair eile agus éide de chuid EUTM Mozambique, de réir mar a chinnfidh Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh.

AIRTEAGAL 4

Trasnú teorann agus gluaiseacht laistigh de chríoch an Stáit Óstaigh

1. Ní rachaidh pearsanra EUTM Mozambique isteach i gcríoch an Stáit Óstaigh ach amháin ar thaispeáint an phas dóibh. Beidh siad díolmhaithe ó tháillí víosa, agus ó chigireachtaí inimirce, gan dochar do chlárú ar dhul isteach agus imeacht agus rialú custaim ar dhul isteach, ar fhágáil nó laistigh de chríoch an Stáit Óstaigh.

2. Beidh pearsanra EUTM Mozambique díolmhaithe ó rialúcháin an Stáit Óstaigh maidir le heachtrannaigh a chlárú agus a rialú, ach ní bheidh aon cheart buanchónaithe ná sainchónaithe laistigh de chríoch an Stáit Óstaigh acu.

3. Beidh sócmhainní agus modhanna iompair EUTM Mozambique a thagann isteach i gcríoch an Stáit Óstaigh agus a théann ar idirthuras nó a imíonn aisti chun tacú leis an misean díolmhaithe ó aon cheanglas fardail nó doiciméadacht chustaim eile a tháirgeadh, agus ó aon chigireacht.

4. Féadfaidh pearsanra EUTM Mozambique mótarfheithiclí a thiomáint agus aerárthaí a oibriú laistigh de chríoch an Stáit Óstaigh ar choinníoll go bhfuil ceadúnais tiomána nó ceadúnais phíolóta bhailí náisiúnta, idirnáisiúnta nó mhíleata acu, de réir mar is iomchuí. Glacfaidh an Stát Óstach le ceadúnais nó ceadanna tiomána atá ag pearsanra EUTM Mozambique mar cheadúnais bhailí, gan aon cháin ná táille.

5. Chun críoch an mhisin, deonóidh an Stát Óstach saoirse gluaiseachta agus saoirse taistil laistigh dá chríoch, lena n-áirítear a aerspás, do phearsanra EUTM Mozambique agus EUTM Mozambique.

6. Chun críoch an mhisin, féadfaidh EUTM Mozambique aon chleachtadh nó cleachtas a dhéanamh le hairm laistigh de chríoch an Stáit Óstaigh, lena n-áirítear a aerspás.

7. Chun críoch an mhisin, féadfaidh EUTM Mozambique bóithre poiblí, droichid, báid farantóireachta agus aerfoirt a úsáid gan dleachtanna, táillí, dolaí, cánacha ná muirir chomhchosúla a íoc. Ní bheidh EUTM Mozambique díolmhaithe ó mhuirir réasúnacha ar sheirbhísí arna n-iarraidh agus arna bhfáil faoi na coinníollacha a bhaineann leo siúd a sholáthraítear do náisiúnaigh an Stáit Óstaigh.

AIRTEAGAL 5

Pribhléidí agus díolúintí EUTM Mozambique arna ndeonú ag an Stát óstach

1. Beidh saoráidí EUTM Mozambique dosháraithe. Ní rachaidh gníomhairí an Stáit Óstaigh isteach san áitreabh ach amháin le toiliú ó Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh.

2. Beidh saoráidí EUTM Mozambique, a gcuid feistis agus sócmhainní eile a bhaineann leo, chomh maith lena modhanna iompair, díolmhaithe ó chuardach, foréileamh, astú nó forghníomhú.

3. Beidh díolúine ag EUTM Mozambique, a mhaoin agus a shócmhainní, cibé áit ina bhfuil siad agus cibé duine ag a mbeidh siad, ó gach cineál imeachta dhlíthiúil.

4. Beidh cartlanna agus doiciméid EUTM Mozambique dosháraithe tráth ar bith, cibé áit a mbeidh siad.

5. Beidh comhfhreagras oifigiúil EUTM Mozambique dosháraithe. Ciallóidh 'comhfhreagras oifigiúil' gach comhfhreagras a bhaineann leis an misean agus a fheidhmeanna.

6. Maidir le hearraí a cheannaítear agus a allmhairítear, seirbhísí a sholáthraíonn agus saoráidí a úsáideann EUTM Mozambique chun críoch an mhisin, beidh EUTM Mozambique, chomh maith le seirbhísí a sholáthraithe nó a chonraitheoirí nach náisiúnaigh den Stát Óstach iad, díolmhaithe ó gach dleacht, cáin agus muirear náisiúnta, réigiúnach agus comhchoiteann de chineál comhchosúil. Ní bheidh EUTM Mozambique díolmhaithe ó dhleachtanna, ó chánacha agus ó mhuirir arb ionann iad agus íocaíocht i leith seirbhísí arna soláthar.

7. Ceadóidh an Stát Óstach d'earraí, d'fheithiclí míleata, do threalamh míleata agus do tháirgí le aghaidh an mhisin a theacht isteach ar a gcríoch agus díolmhóidh sé iad ó gach dleacht custaim, táille, dola, cáin agus muirear comhchosúil, cé is moite de mhuirir stórála, iompair agus seirbhísí eile.

AIRTEAGAL 6

Pribhléidí agus díolúintí phearsanra EUTM Mozambique arna ndeonú ag an Stát Óstach

1. Ní bheidh pearsanra EUTM Mozambique faoi dhliteanas gabhála nó coinneála d'aon chineál.

2. Beidh páipéir, comhfhreagras agus maoin phearsanra EUTM Mozambique dosháraithe, ach amháin i gcás na mbeart forghníomhaithe a cheadaítear de bhun mhír 6.

3. Beidh díolúine ag pearsanra EUTM Mozambique ó dhlínse choiriúil an Stáit Óstaigh i ngach uile chás.

4. Féadfaidh an Stát Seoltach nó institiúid de chuid an Aontais lena mbaineann, de réir mar a bheidh, díolúine phearsanra EUTM Mozambique ó dhlínse choiriúil a tharscaoileadh. Ní mór an tarscaoileadh sin a bheith sainráite i gcónaí.

5. Beidh díolúine ag pearsanra EUTM Mozambique ó dhlínse shibhialta agus riaracháin an Stáit Óstaigh i leith focail arna rá nó arna scríobh agus na ngníomhartha go léir arna ndéanamh acu agus a gcuid feidhmeanna oifigiúla á bhfeidhmiú acu. Má thionscnaítear aon imeacht sibhialta i gcoinne phearsanra EUTM Mozambique os comhair cúirt ar bith de chuid an Stáit Óstaigh, tabharfar fógra láithreach do Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh agus d'údarás inniúil an Stáit Seoltaigh nó don institiúid de chuid an Aontais. Sula dtionscnófar an t-imeacht os comhair na cúirte, deimhneoidh Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh agus údarás inniúil an Stáit Seoltaigh nó an institiúid de chuid an Aontais don chúirt cibé acu a rinne nó nach ndearna pearsanra EUTM Mozambique an gníomh atá i gceist agus a bhfeidhmeanna oifigiúla á gcomhlíonadh acu.

6. Má rinneadh an gníomh le linn fheidhmiú na bhfeidhmeanna oifigiúla, ní thionscnófar an t-imeacht agus beidh feidhm ag forálacha Airteagal 15. Mura ndearnadh an gníomh le linn fheidhmiú na bhfeidhmeanna oifigiúla, féadfaidh an t-imeacht leanúint ar aghaidh. Tá an deimhniú ó Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh agus ó údarás inniúil an Stáit Seoltaigh nó ó institiúid an Aontais ina cheangal ar dhlínse an Stáit Óstaigh, agus níl cead aige cur ina choinne.

7. Má thionscnaíonn pearsanra EUTM Mozambique imeachtaí, coiscfidh sé sin orthu díolúine a agairt ón dlínse i leith aon fhrithmhaímh a bhainfidh go díreach leis an bpríomh-mhaíomh.

8. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar phearsanra EUTM Mozambique fianaise a thabhairt mar fhinnéithe.

9. Ní fhéadfar aon bheart forghníomhaithe a dhéanamh i ndáil le pearsanra EUTM Mozambique, ach amháin i gcás ina dtionscnófar imeacht sibhialta nach mbaineann lena bhfeidhmeanna oifigiúla ina n-aghaidh. Maoin de chuid pearsanra EUTM Mozambique atá deimhnithe ag Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a bheith riachtanach chun a bhfeidhmeanna oifigiúla a chomhlíonadh, ní fhéadfar í a urghabháil chun breithiúnas, cinneadh ná ord a chomhlíonadh. Ní bheidh pearsanra EUTM Mozambique faoi réir aon srian ar a saoirse phearsanta ná aon bheart eile comhéigin in imeachtaí sibhialta.

10. Ní féidir pearsanra EUTM Mozambique a dhíolmhú ó dhlínse na Stát Seoltach faoi seach toisc díolúine a bheith acu ó dhlínse an Stáit Óstaigh.

11. Beidh pearsanra EUTM Mozambique, maidir le seirbhísí a sholáthar do EUTM Mozambique, díolmhaithe ó fhorálacha um shlándáil shóisialta a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm sa Stát Óstach.

12. Beidh pearsanra EUTM Mozambique díolmhaithe ó aon chineál cánachais sa Stát Óstach ar an tuarastal agus ar na díolaíochtaí a íocann EUTM Mozambique nó na Stáit Seoltacha leo, chomh maith le haon ioncam a fhaightear ó áit ar bith lasmuigh den Stát Óstach.

13. Beidh baill phearsanra EUTM Mozambique faoi réir dleachtanna custaim, cánacha, agus muirir ghaolmhara a íoc ar earraí dá n-úsáid phearsanta, cé is moite d'ítimí atá ina seilbh cheana féin ar theacht isteach dóibh i gcríoch an Stáit Óstaigh agus soláthairtí riachtanacha. Níl siad díolmhaithe ó mhuirir a íoc as seirbhísí stórála, iompair agus seirbhísí dá samhail dá n-úsáid phearsanta.

14. Beidh bagáiste pearsanta phearsanra EUTM Mozambique díolmhaithe ó iniúchadh, mura bhfuil cúis thromchúiseach ann lena chreidiúint go bhfuil earraí nó balcaisí ann nach d'úsáid phearsanta phearsanra EUTM Mozambique iad, nó earraí a bhfuil toirmeasc ar a n-allmhairiú nó á n-onnmhairiú de réir dlí nó atá faoi réir rialacháin choraintín an Stáit Óstaigh. Ní dhéanfar an chigireacht sin ach amháin i láthair an bhaill de phearsanra EUTM Mozambique lena mbaineann nó ionadaí údaraithe de chuid EUTM Mozambique.

AIRTEAGAL 7

Pearsanra atá fostaithe go háitiúil

Ní thairbheoidh pearsanra a fhostaítear go háitiúil de phribhléidí agus de dhíolúintí ach amháin a mhéid a cheadóidh an Stát Óstach iad. Feidhmeoidh an Stát Óstach a dhlínse ar an bpearsanra sin, áfach, ar bhealach nach gcuirfidh isteach go míchuí ar chomhlíonadh fheidhmeanna EUTM Mozambique.

AIRTEAGAL 8

Dlínse choiriúil

Beidh sé de cheart ag údaráis inniúla Stáit is Seoltóir an dlínse choiriúil agus na cumhachtaí araíonachta uile a thugtar dóibh le dlí an Stáit Seoltaigh a fheidhmiú ar chríoch an Stáit is Seoltóir maidir le pearsanra uile EUTM Mozambique.

AIRTEAGAL 9

Éide agus airm

1. Beidh caitheamh éide faoi réir rialacha arna nglacadh ag Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh.

2. Chun críoch an mhisin, faoi réir údarú ó Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh, beidh sé de cheart ag pearsanra EUTM Mozambique airm agus armlón a bheith ina seilbh acu.

3. Cuirfear liosta de phearsanra EUTM Mozambique arna n-ainmniú agus arna n-údarú ag Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh chun airm thine agus armlón a bheith ina seilbh acu, lena n-áirítear iompar na n-arm agus na n-armlón sin, in iúl d'údaráis inniúla Mhósaimbíc.

AIRTEAGAL 10

Tacaíocht agus conraitheoireacht an Stáit Óstaigh

1. Aontaíonn an Stát Óstach, arna iarraidh sin, cabhrú le EUTM Mozambique saoráidí oiriúnacha a aimsiú.

2. Soláthróidh an Stát Óstach, saor in aisce, saoráidí arb é an t-úinéir orthu, a mhéid a bheidh gá leis na saoráidí sin chun gníomhaíochtaí riaracháin agus oibríochtúla EUTM Mozambique a dhéanamh.

3. De réir a acmhainne agus a chumas, cabhróidh an Stát Óstach le hullmhú, bunú agus cur i gcrích an mhisin agus le tacú leis.

4. Cuirfear cúnamh agus tacaíocht an Stáit Óstaigh don mhisean ar fáil faoi na coinníollacha céanna leis an gcúnamh agus an tacaíocht a thugtar d'fhórsaí armtha an Stáit Óstaigh.

5. Déanfar an dlí is infheidhme maidir le conarthaí arna dtabhairt i gcrích ag EUTM Mozambique sa Stát Óstach a chinneadh leis an gconradh.

6. Féadfar a shonrú sa chonradh go mbeidh feidhm ag an nós imeachta um réiteach díospóidí dá bhforáiltear in Airteagal 15(3) agus (4) maidir le díospóidí a eascraíonn as cur i bhfeidhm an chonartha sin.

7. Éascóidh an Stát Óstach cur chun feidhme na gconarthaí arna dtabhairt i gcrích ag EUTM Mozambique le heintitis tráchtála chun críocha EUTM Mozambique.

AIRTEAGAL 11

Athrú ar shaoráidí

1. Féadfaidh an Stát Óstach a údarú do EUTM Mozambique saoráidí a thógáil, a athrú nó a mhodhnú ar shlí eile de réir mar a iarrtar dá riachtanais oibríochtúla.

2. Ní iarrfaidh an Stát Óstach aon chúiteamh ar EUTM Mozambique as na tógálacha, na hathruithe nó na modhnuithe sin.

AIRTEAGAL 12

Pearsanra EUTM Mozambique nach maireann

1. Beidh sé de cheart ag Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh aisdúichiú duine de phearsanra EUTM Mozambique a fuair bás a chur de chúram air féin, agus socruithe oiriúnacha a dhéanamh ina leith, a maoin phearsanta san áireamh.

2. Ní dhéanfar aon scrúdú iarbháis ar aon bhall marbh de chuid EUTM Mozambique gan comhaontú an Stáit lena mbaineann agus i láthair ionadaí ó EUTM Mozambique agus/nó ón Stát lena mbaineann, chomh maith le pearsanra liachta an Stáit Óstaigh.

3. Rachaidh an Stát Óstach agus EUTM Mozambique i gcomhar le chéile a oiread is féidir d'fhonn pearsanra marbh EUTM Mozambique a aisdúichiú go luath.

AIRTEAGAL 13

Slándáil EUTM Mozambique agus póilíní míleata

1. Déanfaidh an Stát Óstach gach beart is iomchuí chun sábháilteacht agus slándáil EUTM Mozambique agus phearsanra EUTM Mozambique a áirithiú. Déanfar aon fhorálacha sonracha a mholfaidh an Stát Óstach a chomhaontú le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh sula gcuirfear chun feidhme iad. Féadfaidh an Stát Óstach slándáil bhreise a sholáthar chun pearsanra EUTM Mozambique a chosaint, aon uair is gá sin de bharr na staide mar atá, agus arna iarraidh sin do Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh.

2. Údaraítear EUTM Mozambique na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcosnófar a shaoráidí, lena n-áirítear iad siúd a úsáidtear le haghaidh oiliúint, ar aon ionsaí nó cur isteach ón taobh amuigh.

3. Údarófar EUTM Mozambique na bearta is gá a dhéanamh laistigh de chríoch an Stáit Óstaigh sa chomhthéacs sin, lena n-áirítear úsáid an fhórsa is gá agus is comhréireach, chun pearsanra EUTM Mozambique a chosaint, chun a áitribh, a fheithiclí agus a shócmhainní a chosaint ar ghníomhartha a d'fhéadfadh beatha phearsanra EUTM Mozambique a chur i mbaol nó a d'fhéadfadh díobháil choirp a dhéanamh dóibh, agus, i gcás inar gá, daoine eile a bhfuil an bhagairt chéanna orthu agus atá i ngaireacht don mhisean a chosaint ar ghníomhartha a chuirfeadh beatha na ndaoine sin i mbaol nó ar dócha go ndéanfaidís díobháil thromchúiseach choirp dóibh.

4. Féadfaidh Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh aonad póilíneachta míleata a bhunú chun ord a choinneáil i saoráidí EUTM Mozambique.

5. Féadfaidh an t-aonad póilíneachta míleata freisin, i gcomhairle agus i gcomhar le póilíní míleata nó póilíní an Stáit Óstaigh, gníomhú lasmuigh de na saoráidí sin chun dea-ord agus smacht a áirithiú i measc phearsanra EUTM Mozambique.

AIRTEAGAL 14

Cumarsáid

1. Féadfaidh EUTM Mozambique stáisiúin tarchuradóra agus ghlacadóra raidió, chomh maith le córais satailíte, a shuiteáil agus a oibriú. Comhoibreoidh sé le húdaráis inniúla an Stáit Óstaigh d'fhonn coinbhleachtaí a sheachaint maidir le minicíochtaí iomchuí a úsáid. Tabharfaidh an Stát Óstach rochtain ar an speictream minicíochta saor in aisce.

2. Beidh sé de cheart ag EUTM Mozambique cumarsáid a dhéanamh tríd an raidió (lena n-áirítear trí raidió satailíte, trí raidió móibíleach nó trí raidió láimhe), teileafón, teileagraf, facs agus modhanna eile, chomh maith leis an gceart an trealamh is gá a shuiteáil chun an chumarsáid sin a choinneáil laistigh de agus idir saoráidí EUTM Mhósaimbíc, lena n-áirítear an ceart cáblaí agus línte talún a leagan, ar mhaithe leis an misean.

3. Laistigh dá shaoráidí féin, féadfaidh EUTM Mozambique na socruithe is gá a dhéanamh chun post atá dírithe chuig EUTM Mozambique agus/nó chuig pearsanra EUTM Mozambique nó uathu a iompar.

AIRTEAGAL 15

Éilimh i leith báis, gortú, damáiste agus caillteanais

1. Ní bheidh EUTM Mozambique agus pearsanra EUTM Mozambique faoi dhliteanas i leith damáiste do mhaoin shibhialta nó rialtais ná i leith caillteanas maoine sibhialta nó rialtais a eascraíonn as ceanglais oibríochtúla nó as gníomhaíochtaí a bhaineann le corraíl shibhialta nó le cosaint EUTM Mozambique.

2. D'fhonn teacht ar shocrú síochánta, déanfar éilimh i leith damáiste do mhaoin shibhialtach nó rialtais, nó caillteanas na maoine sin nach gcumhdaítear le mír 1, mar aon le héilimh i leith báis nó gortú daoine agus éilimh i leith damáiste do mhaoin EUTM Mozambique, nó caillteanas na maoine sin, a chur ar aghaidh chuig EUTM Mozambique trí údaráis inniúla an Stáit Óstaigh, maidir le héilimh arna ndéanamh ag daoine dlítheanacha nó nádúrtha ón Stát Óstach, nó chuig údaráis inniúla an Stáit Óstaigh, maidir le héilimh arna ndéanamh ag EUTM Mozambique.

3. I gcás nach féidir teacht ar shocrú síochánta, cuirfear an t-éileamh faoi bhráid coimisiún éileamh, a bheidh comhdhéanta ar bhonn comhionann d'ionadaithe ó EUTM Mozambique agus ón Stát Óstach. Déanfar éilimh a shocrú de chomhthoil a chéile.

4. I gcás nach féidir teacht ar aon réiteach laistigh de choimisiún na n-éileamh, déanfar an méid seo a leanas maidir leis an díospóid:

(a) i gcás aon éilimh suas le EUR 40 000 agus an méid sin san áireamh, socrófar iad trí mhodhanna taidhleoireachta idir an Stát Óstach agus ionadaithe an Aontais;

(b) i gcás aon éilimh os cionn an mhéid dá dtagraítear i bpointe (a), cuirfear faoi bhráid painéal eadrána iad agus beidh a gcinntí siúd ceangailteach.

5. Triúr eadránaithe a bheidh ar an bpainéal eadrána; ceapfaidh an Stát Óstach eadránaí amháin, ceapfaidh EUTM Mozambique an dara headránaí agus ceapfar an tríú headránaí trí chomhaontú frithpháirteach idir an Stát Óstach agus EUTM Mozambique. I gcás nach gceapfaidh ceann de na páirtithe eadránaí laistigh de dhá mhí nó i gcás nach bhféadfaidh an Stát Óstach agus EUTM Mozambique teacht ar chomhaontú maidir leis an tríú eadránaí a cheapadh, ceapfaidh Uachtarán Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an t-eadránaí sin.

6. Déanfar socrú riaracháin a thabhairt i gcrích idir EUTM Mozambique agus údaráis riaracháin an Stáit Óstaigh d'fhonn téarmaí tagartha choimisiúin na n-éileamh agus an bhinse, an nós imeachta is infheidhme laistigh de na comhlachtaí sin agus na coinníollacha lena rialaítear taisceadh éileamh a chinneadh.

AIRTEAGAL 16

Idirchaidreamh, socruithe síochánta agus díospóidí

1. Déanfaidh ionadaithe EUTM Mozambique agus údaráis inniúla an Stáit Óstaigh na saincheisteanna go léir a eascraíonn as cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a scrúdú go comhpháirteach.

2. Mura dtiocfar ar aon réiteach roimh ré, déanfar díospóidí maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a réiteach trí mhodhanna taidhleoireachta idir an Stát Óstach agus ionadaithe an Aontais agus ar an mbealach sin amháin.

AIRTEAGAL 17

Forálacha eile

1. Aon uair a thagraítear sa Chomhaontú seo do phribhléidí, díolúintí agus cearta EUTM Mozambique agus phearsanra EUTM Mozambique, beidh an Stát Óstach freagrach as iad a chur chun feidhme agus as iad a bheith á gcomhlíonadh ag údaráis áitiúla iomchuí an Stáit Óstaigh.

2. Níl aon ní sa Chomhaontú seo beartaithe ná ní fhéadfar é a fhorléiriú chun maolú ar aon chearta a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le Ballstát den Aontas nó le haon Stát eile a rannchuidíonn le EUTM Mozambique faoi chomhaontuithe eile.

AIRTEAGAL 18

Socruithe cur chun feidhme

Chun an Comhaontú seo a chur i bhfeidhm, féadfaidh cúrsaí oibríochta, riaracháin nó teicniúla a bheith faoi réir socruithe ar leithligh atá le tabhairt i gcrích idir Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh agus údaráis riaracháin an Stáit Óstaigh.

AIRTEAGAL 19

Teacht i bhfeidhm agus foirceannadh

1. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an lá a shíneofar é agus beidh sé i bhfeidhm go dtí dáta imeachta na gné deiridh de EUTM Mozambique agus an bhaill dheireanaigh de phearsanra EUTM Mozambique, mar a bheidh fógartha ag EUTM Mozambique, a tharlóidh laistigh de thréimhse réasúnach a chomhaontófar idir Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh agus an Stát Óstach.

2. D'ainneoin mhír 1, measfar go raibh feidhm ag an gComhaontú seo ón dáta a imscaradh na chéad bhaill de phearsanra EUTM Mozambique.

3. Féadfar an Comhaontú seo a leasú trí chomhaontú i scríbhinn idir na Páirtithe.

4. Ní dhéanfaidh foirceannadh an Chomhaontaithe seo difear d'aon chearta ná oibleagáidí a éiríonn as an gComhaontú seo a fhorghníomhú roimh an bhfoirceannadh sin.

Tá an Comhaontú seo á dhéanamh i ndúblach i mBéarla agus i bPortaingéilis, agus comhúdarás ag an dá théacs. I gcás díospóide nó neamhréireanna idir an dá leagan, is ag an leagan Béarla a bheidh an forlámhas.